

SEIRBHÍS AN BHRIATHAIR

STRUCHTÚR NA SEIRBHÍSE

Ullmhú

- * Beannú liotúirgeach
Cuireadh chun adhartha
Is féidir iomann a cheol.
- * Aithreachas
Féadann sé bheith ag an am seo den tseirbhís nó mar chuid den Fhreagairt.
- * Comhghair agus/nó Amhrán molta
Féadtar foirmeacha meadaracha de na cainticí a úsáid, nó iomann a cheol.
- * Ortha an lae

Ministreacht an Bhriathair

- * Léachtaí ón *Bhíobla*
- * *Féadann Salm agus/nó Amhrán Scrioptúrtha teacht roimh nó i ndiaidh na léachtaí.*
Féadann Ráiteas agus Freagairt ón Bhíobla teacht i ndiaidh léachta.
- * An tSeanmóir
Féadtar Iomann a cheol.

Freagairt

- * Dearbhú Creidimh
Cré na nAspal, Cré Nís, Dearbhú Creidimh ó Athnuachan na Móideanna Baiste (Ich 380) nó dearbhú creidimh ón Scrioptúr.
- * Na Paidreacha
Paidreacha Idirghuí agus Buíochais
Aithreachas (*mura n-úsáidtear thuas*)
Ortha ghinearálta
- * *Críochnaítear an chuid iomlán seo leis an Phaidir.*
Féadtar iomann a cheol.

An Scaipeadh

- * Paidir Scaipthe An Bheannacht Beannú
*Is riachtanach na codanna a bhfuil * leo i seirbhís ar bith bunaithe ar an struchtúr seo.*

NÓTAÍ

Tá *Seirbhís an Bhriathair* le húsáid ar ócáidí nuair nach mbeadh na seirbhísí ordaithe, Urnaí na Maidine nó na Nóna, nó an Chomaoineach Naofa, ag teacht le riachtanais phobail áirithe.

Cuirtear bunstruchtúr do sheirbhísí dá leithéid ar fáil anseo.

Cuireadh i gcló samplaí d'oibriú amach an struchtúir sin de réir mar atá ceadaithe ag Teach na nEaspag. Is féidir ábhair acmhainne atá ceadaithe ag Teach na nEaspag a úsáid fosta chun foirmeacha eile a bheadh bunaithe ar an struchtúr a cheapadh. M.sh, *Patterns for Worship* (Church House Publishing, 2002) nó *Common Worship: Times and Seasons* (Church of England, 2004).

TREOIRLÍNTE

1. Tá ceithre chuid sa Struchtúr

Ullmhú: Beannú, Cuireadh chun Adhartha, iomann molta do Dhia, Gníomh Aithreachais (a bheadh níos oiriúnaí uaireanta sa chuid sin ar a dtugtar an *Fhreagairt*) agus Comhghair.

Is é Ortha an lae buaicphointe an *Ullmhaithe*, a chuireann tús le *Ministreacht an Bhriathair*.

Ministreacht an Bhriathair: Is cuid lárnach den tseirbhís léamh agus léiriú an Scrioptúir Naofa. Cuireann úsáid na Salm ar chumas an phobail gabháil i ngleic leis na Léachtaí, cé acu leaganacha meadaracha ceolta, nó canta, nó ráite as Saltair an leabhair seo iad. Is cuidiú sealanna tosta leis an chaidreamh seo chomh maith. Moltar Amhráin Scrioptúrtha (“cainticí”) a úsáid.

Freagairt: De ghnách leantar Dearbhú Creidimh le paidreacha ar son na hEaglaise agus ar son an Domhain. In amanna is oiriúnach aithreachas chomh maith, mura bhfuil sé mar chuid den *Ullmhú*. Is é buaicphointe na coda seo nuair a deir an pobal an Phaidir i ndiaidh Ortha Ghinearálta. Sa chuid seo, féadann an Ofráil teacht roimh nó i ndiaidh na bPaidreacha.

Is é an *Scaipeadh* a chuireann críoch leis an tseirbhís. Is féidir Paidir Scaipthe nó Beannacht a rá, agus ansin an Beannú deiridh.

2. Is é an tsimplíocht bunsmoineamh *Sheirbhís an Bhriathair*. Níor chóir go mbeadh tús casta uirthi. Tosaíonn an tseirbhís le *Beannú* agus *Cuireadh* chun adhartha. Beidh baint aige seo le pé iomann a roghnófar ag an pointe seo.
3. Is gnách *Aithreachas* a chur in iúl san *Ullmhú*.
4. Is fógairt ar mhaorgacht agus ar ghrá Dé an *Comhghair* a thagann ón *Bheannú* agus ón *Intreoir*. Bheadh áit sa chuid seo ag eilimintí traidisiúnta, ar nós *Sursum Corda* agus *Sanctus*, chomh maith le Cainticí ar nós *Gloria in Excelsis*.
5. Tugtar áit ar leith d’*Ortha an lae*, ar aon nós lena húsáid sa Chomaoineach Naofa: buaicphointe an *Ullmhaithe*. Is ceangal é le hadhradh na hEaglaise uilig ar an lá. Is féidir a cur i láthair le hachainí “aonlíne”, bunaithe ar bhunsmoineamh na hOrtha. Mar shampla: deir an ministir, “Agus muid ag déanamh réidh chun Ortha an Domhnaigh seo a úsáid, guímis faoi thost go bhfaighimid treoir Dé.” (nó ar son neart spioradálta, nó cibé is bunsmoineamh leis an ortha ar leith atá i gceist.) Tar éis fiche soicind nó mar sin, deirtear an Ortha.
6. Is codanna bunúsacha den tseirbhís iad na *Sailm agus Amhráin Scrioptúrtha*, mar a thugtar orthu. Tá leaganacha meadaracha de Shailm ar leith ar fáil i *Leabhar Iomann na hEaglaise*. Is féidir foinsí eile salmadóireachta, agus bealaí eile lena húsáid a iniúchadh.
7. Ba chóir go mbeadh dhá *Léacht* ar a laghad ón Bhíobla ann. De ghnách beidh an rogha leagtha amach sa Leicseanár. Ar uairibh is féidir léachtaí a chur os comhair an phobail i bhfoirm dráma.
8. Gí go n-úsáidtear an téarma dlíthiúil, “*An tSeanmóir*”, ní hionann agus a rá nach bhféadfaí dóigheanna eile a úsáid chun teachtaireacht an tSoiscéil a chraobhscaoileadh; dráma, agallaimh agus teicnící eile san áireamh.
9. Nuair is fóirsteanach, féadann iomann teacht i ndiaidh na *Seanmóra*. Is riachtanach *Dearbhú Creidimh* a bheith ann. Ar ócáidí áirithe féadann gníomh aithreachais teacht roimh an *Dearbhú Creidimh* san *Fhreagairt*.
10. Ní mór an chuid sin a bhfuil na *Paidreacha* inti a chríochnú le *hOrtha Ghinearálta*. Is í an *Phaidir* buaicphointe na *bPaidreacha*, agus na *Freagartha* iomláine fiú, agus intreoir chuí léi.
11. Is é an *Scaipeadh* deireadh na seirbhíse. Más iondúil iomann scoir, is fearr é a cheol roimh an *Bheannacht* agus an *Beannú* deiridh.
12. Tá tábhacht le sealanna tosta. Cuirtear in iúl na háiteanna is oiriúnaí sa tseirbhís dóibh seo. Tá aire agus teagasc de dhíth le cur ar chumas na n- adhratheoirí tost a úsáid le linn adhartha.

RÁITIS AGUS FREAGAIRTÍ ÓN BHÍOBLA

Déantar iad seo ar dhá dhóigh:

1. Léann an ministir véarsa ón scriptúr.
Deir an pobal an véarsa céanna ina d(h)iaidh.
Deir an ministir focail eile scriptúir a bheadh ag teacht leis an chéad véarsa.
Deir an pobal an chéad véarsa arís. Deirtear tiomnú trionóideach
Faoi dheireadh, deir an pobal an véarsa den tríú huair.
2. Léann an ministir véarsa ón scriptúr.
Deir an pobal véarsa éagsúil eile a bheadh ag teacht
leis an chéad véarsa.
Deir an ministir véarsa eile.
Deir an pobal an véarsa s'acusan arís.
Deir an ministir an Gloria.
Deir an pobal a véarsasan den tríú huair.

Faightear a leithéid sa *Book of Alternative Services* (Canada 1985), sa *New Zealand Prayer Book* (1988), i *Promise of His Glory* (1990) agus i *Celebrating Common Prayer* (1992).